FÓGRA POIBLÍ
AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 - 2019
Alt 20
Dréachtphlean Ceantar Áitiúil Toghcheantar Daingean Uí Chúis.
FÓGRA POIBLÍ
Na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 - 2019
Alt 20
Dréachtphlean Ceantar Áitiúil Toghcheantar Daingean Uí Chúis

De bhun Alt 20 den Acht (Leasú) um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2019, leis seo tugtar fógra go bhfuil Dréachtphlean Ceantar Áitiúil déanta ag Comhairle Contae Chiarraí, is iad mar Údarás Pleanála do Chontae Chiarraí, don Toghcheantar Daingean Uí Chúis.
Sa Phlean Ceantar Áitiúil tá na lonnaíochtaí Daingean Uí Chúis, Abhainn an Scáil, Baile an Fhirtéaraigh, Caisleán na Mainge, Caisleán Ghriaire, Na Foidhrí, Baile an Mhuilinn agus sráidbhailte beaga eile.

Cuireadh chun Aighneachtaí a dhéanamh:
Leis seo fáilteofar roimh aighneachtaí nó tuairimí ar Phlean Ceantar Áitiúil Toghcheantar Daingean Uí Chúis ón bpobal agus páirtithe eile a chuireann suim ann. Beidh leanaí freisin, nó grúpaí agus cumainn a sheasann ar son leas leanaí, i dteideal aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh.
Tá tuairisc comhshaoil ullamh ag an údarás pleanála ar an éifeacht suntasach a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol mar gheall ar fheidhmiú an phlean ceantar áitiúil agus glacfar freisin laistigh den tréimhse luaite, len iad a chur san áireamh, le haighneachtaí nó tuairimí maidir leis an dtuairisc comhshaoil atá ag an údarás pleanála.
I dteannta an Phlean tá Tuairisc Measúnú Tionchar *Natura* faoin dTreoir Gnáthóg a mheasann an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar shuímh *Natura* 2000 maraon le Tuairisc Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte.

Féadfar aighneachtaí faoin Dréachtphlean agus/nó na tuairiscí ina chuideachta a sheoladh idir **Déardaoin 13 Lúnasa 2020 agus Aoine 2 Deireadh Fómhair 2020**. Ba chóir lipéad soliéir a chur ar aon aighneacht a bhaineann leis an dTuairisc Comhshaoil, Tuairisc Tionchar *Natura* nó Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte.

Féadfar cóipeanna Dréachtphlean Ceantar Áitiúil Toghcheantar Daingean Uí Chúis, an Tuairisc Measúnú Comhshaoil, an Tuairisc Measúnú Tionchar *Natura* faoin dTreoir Gnáthóg agus an Tuairisc Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte a scrúdú **idir Déardaoin 13 Lúnasa 2020 agus Aoine 2 Deireadh Fómhair 2020 (an dá lá úd san áireamh)** ar na láithreacha seo a leanas:

- Seomra 13, An Roinn Pleanála, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí
- Oifig Ceantair Daingean Uí Chúis
- Leabharlanan Daingean Uí Chúis
- www.kerrycoco.ie

Beidh cóipeanna den Dréachtphlean Ceantar Áitiúil Toghcheantar Daingean Uí Chúis agus na Tuairiscí Comhshaoil a ghabhann leis le feiscint agus/nó ar díol ag oifigí An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí

Ba chóir aighneachtaí a bheith **i scríbhinn** agus seoltar iad go dtí:-
An Pleanálaí Sinsir, Aonad Polasaí Pleanála, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí agus iad marcáilte mar a leanas:
'Dréachtphlean Ceantar Áitiúil Daingean Uí Chúis'.

Glacfar le haighneachtaí trín ríomhphost **ag an seoladh seo amháin: planpolicy@kerrycoco.ie**

Cuirfear gach aon aighneacht a sheoltar laistigh den tréimhse luaite anso thuas san áireamh sula nglactar leis an bPlean Ceantar Áitiúil.

Tionólfar comhairliúcháin Phoiblí i nDaingean Uí Chúis & Baile an Mhuilinn mí Mheán Fómhair. Deimhneofar na dátaí ar ball agus beidh an t-eolas ar fáil ag www.kerrycoco.ie, na meáin shóisialta & trín Ghréasán Páirtíocht Phoiblí.

Is é an dáta deiridh don ghlacadh leis na haighneachtaí/tuairimí ná 5pm Aoine 2 Deireadh Fómhair 2020.

Bíodh a fhios agat go mbeidh na haighneachtaí ar fad ar fáil go poiblí agus iad ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Chiarraí.